# Bláthú!

Eagrán 23 Aibreán 2017

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,
Aonad 3B, Páirc Gnó na Ceathrún Rua
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Teil.: 091 595337
www.comharnaionrai.ie



**Buachaill óg as Naíonra Lios Póil, Co. Chiarraí agus sár obair ealaíne ar bun aige.**

## Oscailt Oifigiúil Ceannáras nua CNNG



D'oscail an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Seán Kyne TD, ceanncheathrú nua Chomhar Naíonraí na Gaeltachta go hoifigiúil ar an 24 Márta, 2017. Tá an ceanncheathrú nua lonnaithe i bhfoirgneamh nua-aimseartha de chuid Údarás na Gaeltachta i lár shráidbhaile na Ceathrún Rua.

Is iontach an rud go bhfuil an tIonad seo againn faoi dheireadh tar éis dúinn blianta fada a chaitheamh i bhfoirgneamh beag cúng nach raibh oiriúnach dár gcuid oibre.

Is le earnáil na luathbhlianta ar fad an t-Ionad. San ionad seo a chuirtear ábhar luathbhlianta na gceantair Ghaeltachta ar fad i dtoll chéile. Tá muid ábalta cúrsaí oiliúna sheirbhísí an Iarthair a reáchtáil san Ionad agus tá Stiúrthóirí na Naíonraí agus oibrithe na nIonad Cúram Leanaí in ann casadh le chéile san ionad agus a gcuid pleanála agus a gcuid oibre a dhéanamh ar a gcompord de réir mar a fheileann dóibh.

Molaim foireann iomlán CNNG, idir Stiúrthóirí na Naíonraí, oibrithe na nIonaid Cúram Leanaí chomh maith leis an bhfoireann bainistíochta. Is mór agam bhur ndíograis agus bhur ndúthracht san obair mhór atá á dhéanamh agaibh. Cuireann sibh bhur gcroíthe agus bhur n-anam isteach in oideachas na bpáistí a bhfuil sibh ag freastal ortha.

Glacaim mo mhór mhíle buíochas le chuile dhuine a bhfuil nó a raibh lámh nó páirt acu ag cuir luathbhlianta na bpobail Ghaeltacht chun cinn.

Go mairfidh sibh bhur saothar.

Mairéad Mac Con Iomaire

Bainisteoir

## Bríd Mhic Giolla Bhríde

Chuir mé aithne ar Bhríd Mhic Giolla Bhríde nuair a thosaigh sí ag obair mar Oifigeach Forbartha le Comhar Naíonraí na Gaeltachta sa mbliain 2008. An chéad rud a thug mé faoi deara faoi Bhríd ná gur thug sí a croí agus a hanam don obair a bhí á dhéanamh aici. D'oibrigh sí go crua agus go dúthrachtach i gcónaí ag tabhairt céad faoin gcéad dá cuid oibre.



Bhí earnáil na luathbhlianta ina thús nuair a thosaigh Bríd ag obair mar Oifigeach Forbartha i dTír Chonaill. Bhí, agus go deimhin tá, an t-uafás athraithe ag teacht ar an earnáil agus bhí dua agus dúthracht ag baint le cinnteacht a dhéanamh go mbeadh eolas, cabhair, cúnamh agus tacaíocht á fháil ag na seirbhísí le go mbeadh cinnteacht ann go mbeifí ag cloí le rialacháin ar mhaithe le páistí, tuismitheoirí agus stiúrthóirí na Naíonraí. Thug Bríd a croí agus a hanam gan scíth ar son na hoibre sin. Is minic go deimhin go raibh sí ag obair déanach san oíche agus moch ar maidin le cinntiú go mbeadh an tacaíocht is fearr á fháil ag a cuid seirbhísí agus ag an bpobal a raibh sí ag freastal air.

Chomh maith le gur comhghleacaí oibre a bhí i mBríd, ba cara mór a bhí inti freisin. Is iomaí scéal agus comhrá a bhí eadrainn ina hoifig i gCarraig an tSeascáin. Ba cara dílis a bhí inti d'fhoireann Chomhar Naíonraí na Gaeltachta ar fad, idir foireann oifige agus foireann na seirbhísí. Tá an cara sin ar lár anois, mar ar an 3 Nollaig 2016 d'fhág Bríd slán leis an saol seo. Airíonn muid uainn í féin, a gáire agus a glór binn álainn. Tá mé cinnte go bhfuil ceol, gáire agus spraoi ag Bríd le páistí agus le gach a mbeidh timpeall uirthi sna Flaithis. Beannacht Dé lena hanam álainn dílis.

**Mairéad Mac Con Iomaire.**

# Oscailt Oifigiúil Ceannáras CNNG



**Ag freastal ar oscailt oifigiúil CNNG ó chlé bhí Frank Breathnach, Tadhg Ó Conghaile, Dairíona Nic An Iomaire, Seán Ó Cuireáin, Breege Uí Mhurchadha, Pattie Stundún, an tAire Seán Kyne TD, Mairéad Mac Con Iomaire, Maryanne Uí Chualáin, Ray Mac Pháidín, Bríd Ní Mhaoildhia, Máire Ní Mhainín, Seosamh Ó Laoi, Breandán Breathnach agus Steve Ó Cúláin.**



**Foireann CNNG leis an Aire Seán Kyne TD**



**Seosamh Ó Laoi, An tAire Seán Kyne TD agus Peadar Ó Maoláin**



**Mairéad Mhic Dhonnacha, ICL na Ceathrún Rua agus Sinéad Mhic Dhonnacha, Naíonra na bhForbacha.**



**Seán Mac Eoin, REOGRTG agus Dairíona Nic An Iomaire, Bord Údarás na Gaeltachta.**



**Máire Áine Ní Chonaire agus Caitlín Nic Dhonnacha, Naíonra Ros Muc agus Margaret Ann Uí Chonaire, Naíonra Charna.**



**Mary Bhreathnach, Eurospar agus Máire Uí Fhlatharta, Naíonra Mhic Dara.**

## Naíonra an Daingin, An Daingean Co. Chiarraí



Bunaíodh Naíonra an Daingin beagnach 30 bliain ó shin. Bhí an Naíonra lonnaithe i Sráid an Dá Gheata i lár an bhaile suas go dtí 2007, nuair a d'aistrigh siad go dtí Áiseanna na hÓige in Ard na Gréine ar imeall an bhaile. Is áis den scoth an naíonra do thuismitheoirí atá ag iarraidh a leanaí a thógáil le Gaeilge. Cuireann Naíonra an Daingin seirbhís luathoideachais den scoth ar fáil trí mheán na Gaeilge do leanaí idir dhá bhliain agus deich mí agus cúig bhliana d'aois. Tá tairbhe á bhaint faoi láthair ag na leanaí as an dara bliain luathoideachais saor in aisce a ceadaíodh i Meán Fómhair 2016. Cuirtear forbairt iomlán an leanbh chun cinn trí mheán an spraoi i dtimpeallacht atá sábháilte, sláintiúil, spreagúil, fáilteach, sonasach agus tacúil. Cuirtear an curaclam náisiúnta Aistear i bhfeidhm, na caighdeáin Síolta, an clár bliana Loinnir agus an scéim pleanála teanga Borradh. Tá ceangal láidir i gcónaí ag an Naíonra leis an teaghlach.

Le gairid thug beirt leanaí atá ag freastal ar an Naíonra cúig cinn de mhadraí óga (Kerry Blues) a bhí sé seachtain d'aois isteach le taispeáint do na leanaí eile. Bhí gliondar an domhain ar na leanaí sa naíonra an mhaidin sin nuair a thosaigh na madraí ag siúil ar fud an tseomra. Bhí grá mór ag na leanaí dóibh agus chuireadar ar a suaimhneas iad. Bhí cleachtadh agus spraoi acu. Thaispeáin sé an grá atá ag leanaí d'ainmhithe. Tá na leanaí anghníomhach sa naíonra agus uair sa mhí bíonn drumadóireacht acu ar feadh uair an chloig. Is breá leo an ceol. Cabhraíonn na gníomhaíochtaí difriúla leis na leanaí iad a chur ar a suaimhneas. Is mór an bhuntáiste í an Naíonra do leanaí an dúiche.



## An Clár AIM: Tacaíocht do pháistí faoi mhíchumas sa chóras luathoideachais

Bunaíodh an clár AIM lena chinntiú go mbeidh leanaí atá faoi mhíchumas in ann leas a bhaint as an gClár um Chúram agus Oideachas an Luath-Óige (ECCE). Tabharfaidh an clár tacaíocht do sheirbhísí chun seirbhís chuimsitheach naíonra a chur ar fáil agus a chinntiú go mbeidh gach leanbh a cháilíonn in ann páirt iomlán a ghlacadh sa chlár ECCE agus leas iomlán a bhaint as oideachas agus cúram luathbhlianta ar ardchaighdeán.

Is clár leanbhlárnach é AIM agus tá seacht leibhéal tacaíochta éagsúil ag baint leis ag brath ar riachtanais an linbh agus riachtanais an tseirbhís a mbeidh an leanbh ag freastal air. I gcás formhór na leanaí is leor na tacaíochtaí uilíocha a chuirtear ar fáil faoin gclár. I gcás leanaí eile d'fhéadfadh go mbeadh tacaíochtaí ar leith ag teastáil le go mbeadh an leanbh in ann páirt iomlán a ghlacadh sa tseirbhís naíonra, cosúil le trealamh speisialta.

Tá an clár seo deartha le dul i ngleic le riachtanais an linbh aonair i gcomhthéacs an tsuímh naíonra. Cuirfidh sé tacaíochtaí praiticiúla, saincheaptha ar fáil bunaithe ar riachtanas an leanbh agus ní bheidh diagnóis fhoirmiúil míchumais ag teastáil.

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an gclár seo a fháil ó na seirbhísí éagsúla nó ar **www.comharnaionrai.ie.**

## Éigse Uladh



**Seo páistí as Naíonra Dhoirí Beaga Co. Dhún na nGall , a ghlac páirt sa chomórtas 'An Béal Binn' mar páirt d'Éigse Uladh i mí Mhárta. Fuair gach páiste a ghlac páirt teastas agus bhain na páistí an dara agus dhá thríú áit sa chomórtas seo. Seo Éamon, fear chéile Bhríd Mhic Giolla Bhríde agus a hiníon Nollaig a bhronn na duaiseanna.**

## Corn Bhríd Mhic Giolla Bhríde



Mar chuid d'Éigse Uladh 2017 reáchtáil an Coiste comórtas aithriseoireachta do naíonraí, do bhunscoileanna agus do iarbhunscoileanna ar an Satharn an 11ú Márta. In ómós do Bhríd Mhic Giolla Bhríde bronnadh Corn úr i mbliana, "Corn Bhríd Mhic Giolla Bhríde" a bhí urraithe ag Glór na nGael Ghaoth Dobhair. Is cailín óg as Naíonra na Crannóige a bhain amach an chéad duais. Nach í Bríd a bheadh bródúil.

# Naíonra Inis Oírr, Árainn, Co. na Gaillimhe

Bhí Naíonra Inis Oírr páirteach i dtogra le pobal Inis Oírr mar chuid den chlár Aistear - nasc leis an bpobal agus nasc leis an mbunscoil. Faoi threoir Barbara Uí Chualáin, Banaltra Shláinte Poiblí Inis Oírr, eagraíodh togra cniotála do pháistí an Bhealarúis.

Thug gach duine a bhí in ann cniotáil faoi na bioráin agus sula i bhfad bhí carnán mór caipíní agus scaifeanna le seoladh anonn. Bhí páistí an Naíonra, gasúir Scoil Chaomháin, scoláirí Meánscoil Ghobnait, tuismitheoirí agus Comhar na nAosach páirteach sa togra seo.

Bhí spraoi agus spóirt, ceol agus rince againn ag an gcóisir a bhí i Scoil Chaomháin an lá ar thug muid na hearraí uile le chéile chun seoladh anonn. Bhí Naíonra Inis Oírr an-sásta a bheith páirteach sa togra seo.





## Maith iad!



**I mbun aclaíochta i Naíonra Bhaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí.**



**Páistí as Naíonra an Fháil Charraigh, Co. Dhún na nGall a bhain amach duais sa chomórtas 'Abair Dán' le gairid.**



**Páistí as Naíonra Mhic Amhlaigh, Co. na Gaillimhe ag déanamh iontas don sneachta.**



**Cuairteoir beag i Naíonra Bhaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí agus na páistí ag tabhairt fíor aire go deo dó.**



**Sa chúinne baile i Naíonra Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaigh.**

# Oscailt Oifigiúil Ceannáras CNNG



**Seosamh Ó Laoi, Bord Údarás na Gaeltachta agus Aodán Mac Cormaic, Stiúrthóir na Gaeilge, REOGRTG**



**Pattie Stundún agus Breege Uí Mhurchadha, CNNG agus Breda McCarthy, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.**



**Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir Teanga agus Máire Ní Mhainín, Údarás na Gaeltachta.**



**Sinéad Mhic Dhonnacha, Naíonra na bhForbacha agus Marie Uí Chualáin, Naíonra Mhic Amhlaigh**



**An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh agus Tadhg Ó Conghaile, Údarás na Gaeltachta**



**Cuid den slua a bhí i láthair**

# Naíonra Mhic Amhlaigh, Co. na Gaillimhe







Bhí cuairt againn uaidh beirt garda ó stáisiún Bhóthar na Trá. Is garda é athair duine de na páistí agus bhí sé sásta theacht isteach chun labhairt leis na páistí faoin ról atá acu sa bpobal agus an obair a dhéanann siad chun muid a choinneáil sábháilte. Bhí deis ag na páistí an caipín garda a chaitheamh agus bhí deis acu freisin suí isteach sa charr agus an bonnán glórach a chur air. Bhí an-spraoi acu ar an lá agus bhí go leor acu ag iarraidh bheith ina ngardaí nuair a fhásfaidh siad suas i ndiaidh an chuairt seo.

# Anois teacht an Earraigh...



**Páistí as Naíonra Mhic Amhlaigh, Gaillimh ag déanamh rudaí deasa le haghaidh Lá Fhéile Vailintín.**



**Páistí as Naíonra Bhaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí ag déanamh cros Bhríde.**



**Lá na bPancóg Naíonra Bhaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí**



**Daltaí as Coláiste Ghobnatan ag tabhairt cúnamh do pháistí as Naíonra Bhaile Bhuirne, Corcaigh le gcuid cros Bhríde.**



**Páistí as Naíonra Lios Póil, Co. Chiarraí i mbun obair cheardaíochta.**



**Naíonra Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall agus iad gnóthach ag déanamh cros Bhríde**



**Naíonra Bhaile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí ag ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig.**



**Páistí as Naíonra an Daingin, Co. Chiarraí ag baint sásamh as a gcuid pancóga ar Lá na bPancóg.**

# Bláthú!